COFG
Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge

17 Bealtaine 2019

An tUasal Seán Kyne, TD
Aire Stáit na Gaeltachta
An Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta
23 Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2

cc Catherine Connolly, TD, Cathaoirleach, Comhchoiste Dála na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán; Eugene Ó Cruadhlaoich, Rúnaí an Chomhchoiste Dála.

Tag: Ról na nOifigeach Forbartha Gaeilge sa Státseirbhís

A Aire Stáit, a chara,

Táim ag scríobh ar son Chumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge (COFG) maidir Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2017 agus an t-aighneacht a sheol COFG ar aghaidh chuig an Roinn ar an ábhar úd i mí na Nollag 2017 (go sonrach 'Ról na nOifigeach Forbartha Gaeilge' ar an leathanach deireannach den aighneacht úd).

Ar mhaithe le bainistiú a dhéanamh ar na moltaí i gceannteidil an Bhille úd chun a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm iad, tá COFG den tuairim go bhfuil sé riachtanach go mbeadh an tOifigeach Forbartha Gaeilge ag feidhmiú ag leibhéal ard go leor san eagraíocht phoiblí agus mar chuid d'fhoireann nó rannóg Gaeilge san eagraíocht sin chun go mbeadh dea-thionchar acu ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm straitéisí agus polasaithe maidir le húsáid agus cur chun cinn na Gaeilge ina n-eagraíochtaí féin.

Míníonn an cháipéis iniata an bunús atá leis an dtuairim seo agus cur chuige molta maidir le conas dul i ngleic leis an dúshlán seo. Tá súil againn gur féidir leat an doiciméad seo a chíoradh agus do mhachnamh a dhéanamh air.

Is mise, le meas,

Roibeard Ó hEartáin
Cathaoirleach COFG
066-7183532 / 087-7989727

Coiste COFG: Roibeárd Ó hEartáin (Cathaoirleach); Máire Seó Breathnach (Rúnaí); Orla McMorrow (OCP); Emmet Ó Fathartha (Oifigeach IT) agus Éamonn de Barra.